Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Tuarascáil Bhliantúil 2009

PRN A10/0780

© An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí 2010

An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (NACD)

Fís, Misean, Luachanna

Fís

Fócas náisiúnta a sholáthar d'iarrachtaí a bhaineann le feasacht a bhíonn mar eolas do pholasaí maidir le mí-úsáid drugaí.

Misean

Tá sé socraithe ag an NACD:

- Tacaíocht a thabhairt don Rialtas chun iarmhairtí sláinte, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le mí-úsáid drugaí a laghdú go suntasach trí sonraí tráthúla agus anailís ar thaighde a sholáthar;
- A bhonn eolais a athbhreithniú, ag aithint bearnaí ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí thaighde;
- A chinntiú go bhfuil fianaise ó thaighde eolaíochta mar bhonn do cheapadh beartais, forbairt seirbhísí agus feabhas leanúnach i ngach cur chuige ó thaobh dul i ngleic le mí-úsáid drugaí in Éirinn;
- Oibriú go dlúth le hAonad Bróicéireachta Feasachta agus Giniúna Fianaise (ADRU a bhí air roimhe seo) an Bhoird Taighde Sláinte, ag soláthar comhairle, ag comhordú iarrachtaí taighde agus ag méadú úsáid acmhainní;
- Tacaíocht a thabhairt chun Lárionad Doiciméadachta Náisiúnta a bhunú;
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí iomchuí go náisiúnta chun taighde agus acmhainní a chomhordú;
- Rannpháirtíocht raon leathan páirtithe a chinntiú chun riachtanais taighde agus scaipeadh torthaí a chomhlíonadh;
- Freastal ar ghníomhaíochtaí laghduithe mí-úsáid drugaí chun foráil a dhéanamh do scaipeadh éifeachtach torthaí taighde, eolais agus sonraí eile, ar an tslí sin ag nascadh taighde le cleachtadh.

Luachanna

Chomhaontaigh an NACD go dtreoródh na luachanna seo a leanas cur i bhfeidhm a chlár oibre. Déanfaidh an NACD na nithe seo a leanas:

- Éagsúlacht a chomhaltais a bhainistiú agus a bheith tiomnaithe do chur chuige comhaontaithe maidir le cinnteoireacht;
- Cultúr ómóis, dínite, trédhearcachta agus cothroime a chothú i ngach oibríocht;
- Idirphlé a mholadh mar bhealach chun dearcaí agus taithí éagsúla ó thaobh mí-úsáid drugaí in Éirinn a chothromú;
- A bheith oibiachtúil ó thaobh eolas a bhailiú agus a scaipeadh ag teacht lena dtiomantas chuig an Straitéis Náisiúnta Drugaí (NDS) 2001-2008, agus an NDS Eatramach 2009-2016 ina dhiaidh sin;
- Na caighdeáin is airde sármhaitheasa agus iompar eiticiúil a chothú;
- Comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí a lorg a bhfuil sé mar thairbhe níos mó an sprioc a bhaint amach agus comhoibriú le daoine ar féidir leo leas a bhaint as a bhonn eolais.

CLÁR

Réamhrá **6**

Tuarascáil an Chathaoirligh **7**

Achoimre Feidhmiúcháin **9**

Gluais Téarmaí **10**

1. **Cúlra agus Feidhmeanna an NACD** **12**

1.1 Bunús 12

1.2 Feidhmeanna 14

2. **Struchtúir agus Clár Oibre** **16**

2.1 Struchtúir 16

2.1.1 An NACD 16
2.1.2 Fo-Choistí 16
2.1.3 Téarmaí Tagartha 16

2.2 Clár Oibre an NACD 17

2.2.1 Achoimre ar 2009 17
2.2.2 An Próiseas Taigde 18
2.2.3 Taighde Coimisiúnithe 19
2.2.4 Taighde Leanúnach 20
2.2.5 Comhoibriú 23

2.3 Bainistíocht Feidhmíochta 24

2.3.1 An Fhoireann 24
2.3.2 Scórchárta Cothromaithe 24
2.3.3 Saoráil Faisnéise (FOI) 25
2.3.4 Oifig an Aire do Dhrugaí (OMD) Tacaíocht 25
2.3.5 Rannpháirtíocht in Oiliúint 25

3. **Cumarsáid** **26**

3.1 Comhairle don Rialtas 26

3.2 Caidreamh Meán 27

3.3 Láithréan Gréasáin an NACD 27

3.4 Seiminéair/Comhdhálacha eagraithe ag an bhfoireann NACD in 2009 28

3.4.1 Seiminéair/Comhdhálacha arna freastal ag an bhfoirenn NACD in 2009 28

3.4.2 Cuir i láthair tugtha ag an bhFoireann Taighde i rith 2009 29

3.5 Foilseacháin agus Aighneachtaí ag an NACD 29

4. **Airgeadas** **31**

4.1 Taighde - Leithdháiltí Maoinithe 31

4.2 Caiteachas NACD 31

Aguisín 1

Comhaltas an Choiste NACD amhail an 31 Nollaig 2009 32

Aguisín 2

Tábla Comhaltas an Fho-Choiste amhail an 31 Nollaig 2009 35

Aguisín 3

Gníomhaíochtaí a éileofar ar an NACD faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001 - 2008 39

RÉAMHRÁ

Is mór agam fáilte a chur roimh Thuarascáil Bhliantúil 2009 An Choiste Chomhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (NACD).

Comhlíonann an NACD ról an-thábhachtach comhairle taighde-bhunaithe a chur ar fáil don Rialtas maidir le húsáid drugaí ar fud oileán na hÉireann. I rith 2009 comhaontaíodh Straitéis Náisiúnta Drugaí nua don tréimhse 2009-2016 agus rinneadh sainordú an NACD a athnuachan.

Ar na gnóthachtálacha suntasacha a baineadh amach in 2009 foilsíodh Staidéar dar teideal "Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath", agus foilsíodh tuarascáil deiridh "Staidéar ROSIE: Torthaí Cóireála Drugaí in Éirinn" a bhunaigh an tionchar atá ag cóireáil mheatadóin ar shláinte dhaoine aonair agus ar iompar mhaslach.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an gCathaoirleach, an Dr. Des Corrigan, an Stiúrthóir, Ms. Susan Scally, agus comhaltaí an Choiste as a dtiomantas agus a ndíograis i leith obair an NACD. Chomh maith leis sin, cuirtear go mór le hobair an NACD trí líon suntasach daoine a fhostú, ó réimse leathan saineolais, ar a bhfo-choistí agus a ngrupaí comhairleacha taighde éagsúla. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo agus le foireann an NACD.

Pat Carey T.D.
An tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Ba bhliain an-dúshlánach a bhí ann don NACD toisc go mb'éigean don Choiste dul i ngleic le cailliúint a nOifigeach Taighde, an Dr. Gemma Cox agus taighdeoir, an Dr. Teresa Whittaker, beirt a bhí thar a bheith rannpháirteach inár gcuid oibre agus tá aiféala orainn go fóill nach rabhamar in ann a gconarthaí a athnuachan. Bhí tionchar tromchúiseach agus éifeacht dhíobhálach ag cailliúint scileanna agus taithí na dtaighdeoirí ar obair an NACD ina dhiaidh sin agus d'éirigh sé níos measa fós nuair a gearradh an buiséad go suntasach. D'éirigh linn tuarascálacha suntasacha a fhoilsiú ar "Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath" agus Tuarascáil Deiridh de Staidéar ROSIE chomh maith le staidéir ar Luathfhágálaithe Scoile agus ar Mhargaí Drugaí agus is fianaise é sin ar obair chrua agus ar thiomantas an NACD agus an fhoireann atá fós ann.

D'eascair dúshlán breise nuair a glacadh leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí (2009-2016). Agus an sainordúan NACD á athnuachan go dtí deireadh 2011, sholáthar an Straitéis Náisiúnta Drugaí líon suntasach réimsí oibre nua. Mar thoradh air sin, comhaontaíodh Clár Oibre nua don dá bhliain atá amach romhainn le hOifig an Aire do Dhrugaí (OMD), ach teastóidh an acmhainneacht taighde agus teicniúil intí riachtanach chomh maith le tacaíocht airgeadais iomchuí chun na spriocanna a leagann Straitéis Náisiúnta Drugaí an Rialtais amach dúinn. Cuireadh tús le pleanáil mhionsonraithe an chláir oibre sin i rith 2009 agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go háirithe d'obair mhion an Dr. Jean Long agus an Dr. Deirdre Mongan ón ADRU roimhe seo ag an HRB, as cabhrú le foireann an NACD ullmhú don Suirbhé Daonra 2010/2011, agus cuirfear tús leis an obair allamuigh de sin i bhFómhar 2010.

Ní fhéadfaí obair éagsúil agus fhorleathan an Choiste a dhéanamh gan saineolas agus tiomantas na ndaoine sin atá mar chomhaltaí ar an NACD, a bhfo-choistí agus a ngrúpaí comhairleacha taighde. Tugann comhaltaí a gcuid ama agus feasachta go neamhleithleasach agus is acmhainn náisiúnta uathúil iad nár cheart a chaitheamh i dtraipisí go héasca sin i láthair na huaire. Táim faoi chomaoin acu go léir as a rannpháirtíocht ó thaobh rathúlacht an NACD go dtí seo. Go háirithe ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne na comhaltaí sin den Choiste a chuaigh ar scor i rith 2009 eadhon; Ms Jackie Blanchfield, Ms Anna Quigley, Ms Mary O'Shea, Ms Mairead Kavanagh, Ms Vivienne Fay, Mr Eamon Corcoran agus an Ceannfort Barry O'Brien agus glacaim buíochas leo as a n-ionchur san obair. Ba mhaith liom chomh maith buíochas a léiriú as an tacaíocht

atá faighte agam ón Leas-Chathaoirleach, an Dr. Mary Ellen McCann agus ó chathaoirligh na bhfo-choistí éagsúla; Mr Liam O'Brien, Mr Eamon Corcoran agus an Dr. Eamon Keenan.

Tá mo comhghleacaithe agus mé féin faoi chomaoin ag foireann an NACD a oibríonn go han-chrua lena chinntiú go mbíonn aschuir an Choiste den chaighdeán is airde. Ba mhaith liom mo bhuíochas agus buíochas mo chomhleacaithe a léiriú as na hiarrachtaí a rinne an fhoireann chun leanúint leis an obair le bliain anuas go háirithe le linn athlonnú oifigí an NACD ó Theach Shelbourne go dtí Dún Aimhirgin ar Bhóthar Mespil. Is mian liom chomh maith aitheantas a thabhairt don Stiúrthóir Eatramhach, Ms. Susan Scally a tháinig isteach san NACD ag tráth deacair ach ar éirigh léi dul i ngleic leis na dúshláin a bhfuil an Coiste ag tabhairt aghaidh orthu ar shlí bháúil agus ghairmiúil.

Fáiltimid roimh thacaíocht an Aire agus a oifigeach san Aonad Straitéise Drugaí mar a thugthaí air agus anois san OMD nua, d'obair an NACD, agus tá sí mar ghné ríthábhachtach i rathúlacht an Choiste ó bunaíodh é i mí Iúil 2000. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a chuireann an Clár Oibre nua i láthair, táim muiníneach gur féidir leis an NACD, le tacaíocht leanúnach Aire an OMD, a réimse freagrachtaí mar "chuid taighde den Straitéis Náisiúnta Drugaí" a chomhlíonadh.

An Dr. Des Corrigan FPSI
Cathaoirleach

ACHOIMRE FHEIDHMITHEACH

Ba bhliain dúshlánach a bhí ann in 2009 don NACD nuair a d'imigh beirt taighdeoirí le taithí agus rúnaí. In ainneoin na gcúluithe sin, ba bhliain an-ghnóthach a bhí ann don NACD. Tionóladh seacht gcruinniú Coiste iomlán, 13 cruinniú fo-choiste agus 13 cruinniú an Ghrúpa Comhairleacha Taighde ag críochnú le táirgeadh 10 foilseachán, agus ba foilseacháin don ghréasáin amháin iad cúig cinn acu sin. Ní fhéadfaí an méid sin a bhaint amach gan tiomantas, díograis agus dúthracht chomhaltaí an NACD agus a gcúig fo-choiste.

I rith na bliana, athlonnaigh an NACD a gcuid oifigí ó Theach Shelbourne chuig an bhfoirgneamh céanna ina bhfuil Oifig an Aire do Dhrugaí nuabhunaithe ar Shráid Mespil, Baile Átha Cliath 4. Táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis an Oifig nua chun naisc fheabhsaithe a chruthú idir forbairt polasaí agus taighde.

Rud mór a baineadh amach i rith 2009 ná foilsiú an staidéir "Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath". Léirigh torthaí na tuarascála seo go bhfuil oibrithe gnéis a úsáideann drugaí i mbaol ag iliomad rioscaí agus díobhálacha ina saol oibre. Léiríodh sa tuarascáil go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shóisialta agus áite níos leithne mar bhochtaineacht, tithíocht, sláinte, riachtanais oideachais agus deiseanna fostaíochta chun baol díobhála a laghdú agus atá sé aghaidh a thabhairt ar a n-úsáid drugaí. Cuireadh príomhthorthaí an taighde i láthair ag seimineár i mí an Mheithimh agus d'fhreastal os cionn 100 geallsealbhóir air.

Tá foireann bheag daoine dícheallacha agus solúbtha ag obair don NACD agus thacaigh siad go mór liom i mo chéad bhliain leis an NACD. Táim buíoch do Alan Gaffney, Bainisteoir Oifige an NACD agus do Mary Jane Trimble a sholáthraíonn tacaíocht rúnaíochta agus fáiltithe don NACD, as an obair dhícheallach agus a dtiomantas i mbliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht an Dr. Gemma Cox, Oifigeach Taighde an NACD; an Dr. Teresa Whitaker, Taighdeoir agus Ms Sheena Duffy as tacaíocht rúnaíochta páirt-aimseartha a sholáthar, a dtáinig deireadh lena gcuid fostaíochta in 2009.

Susan Scally
Stiúrthóir

GLUAIS TÉARMAÍ

C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
DAG	Grúpa Comhairleach Drugaí
DTMS	Córas Monatóireachta Treochta Drugaí
ED	Toghroinn
EGKBU	Aonad Bróicéireachta Feasachta agus Giniúna Fianaise (ADRU roimhe seo)
FOI	Saoráil Faisnéise
HIV	Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna
HRB	An Bord Taighde Sláinte
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
IAAAC	Cumann Comhchomhairleoirí Alcóil agus Andúile na hÉireann
IDG	Grúpa Idir-Rannach ar Dhrugaí
LDTF	An Tascfhórsa Áitiúil um Dhrugaí
MQI	Cé na gCeannaithe
NACD	An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí
NHISU	Aonad Córais Náisiúnta d'Fhaisnéis Sláinte
NVDS	Earnáil Náisiúnta Dheonach Drugaí
NDS	Straitéis Náisiúnta Drugaí
NUI	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann
OFD	Fóram Maoirseoireachta ar Dhrugaí

OJEU	Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
OMD	Oifig an Aire do Dhrugaí
PHIRB	Brainse um Eolais Sláinte Poiblí agus Taighde
PQ	Ceist Phairlaiminte
RAG	Grúpa Comhairleacha Taighde
RDTF	An Tascfhórsa Réigiúnach um Dhrugaí
RIWG	Grúpa Oibre Faisnéise agus Taighde
ROSIE	Staidéar ar thorthaí taighde in Éirinn a dhéanann éifeachtacht chóireáil drugaí a mheas
UCD	Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath

Caibidil a hAon

Cúlra agus Feidhmeanna an NACD

1.1 Bunús

Bunaíodh an NACD i mí Iúil 2000 chun comhairle a chur ar an Rialtas faoi úsáid drugaí a bhfuil fadhb leo in Éirinn i ndáil le himthosca, forleithne, cosc agus cóireáil lena n-áirítear athslánú, bunaithe ar anailís agus léirmhíniú ar thorthaí taighde agus eolas a bhíonn ar fáil dó. Soláthraíonn sé comhairle 'luath-rabhaidh' don Rialtas chomh maith. Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaíocht ó Ranna Rialtais, Acadúlacht, Pobail, na hearnálacha Deonacha agus Reachtúla agus tuairiscíonn sé chuig an Aire Stáit atá freagrach as an Straitéis Náisiúnta Drugaí. Is féidir eolas breise a fháil ar an láithreán gréasáin: www.nacd.ie.

Ag eascairt ó chinneadh Rialtais sainordú an NACD a athnuachan in 2004, forbraíodh clár oibre breise. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le príomhghrúpaí leasmhara agus le geallsealbhóirí chun taighde breise agus deiseanna eolais a iniúchadh. Ionchorpraíonn an plean gnó a forbraíodh leanúint ar aghaidh an chláir reatha agus aithníonn sé bearnaí eolais leanúnacha. Cheadaigh an Coiste Comh-Aireachta um Uilechuimsitheacht Shóisialta an plean gnó agus foilsíodh ar láithreán gréasáin an NACD é ("Plean Gnó 2005-2008"). Baineann taighde a rinne an NACD i rith 2009 den chuid is mó le gníomhaíochtaí a leagadh amach sa Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008.

Ó thaobh ceadú ón Rialtas i rith 2009 de mholtaí do Straitéis Náisiúnta Drugaí nua (eatramhach) 2009-2016, síneadh sainordú an NACD go dtí deireadh 2011 agus cuireadh tús le hobair ar chlár oibre nua a fhorbairt. Áiríodh ar sin próiseas comhairliúcháin le comhaltaí ó chúig fho-choiste an NACD. Cinneadh príomhthosaíochtaí an chláir oibre do 2010-2011 ag seisiún pleanála de chuid an NACD i mí na Samhna 2009. Comhaontaíodh an clár oibre leis an Aire Stáit atá freagrach as an Straitéis Drugaí, Oifig an Aire do Dhrugaí agus an NACD i mí na Nollag 2009.

Thar na mblianta d'oibrigh an NACD go dlúth le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile chun scileanna agus acmhainní a bharrfheabhsú ó thaobh eolas a bhailiú agus bearnaí eolais a líonadh. Go háirithe, oibríonn an NACD go dlúth le hAonad Bróicéireachta Feasachta agus Giniúna Fianaise an Bhoird Taighde Sláinte chun freastal ar riachtanais eolais na gCúig Phríomhtháscairí maidir le

hÚsáid Drugaí. Tá an NACD i mbun obair chomhoibritheach leanúnach le comhghleacaithe i mBrainse um Eolais Sláinte Poiblí agus Taighde na Roinne Sláinte, Seirbhísí Sóisialacha agus Sábháilteacht Poiblí i dTuaisceart Éireann, ag bailiú eolais ar fhorleithne drugaí i measc an daonra ginearálta ar an oileán ar fad.

Is próiseas é an clár oibre agus *modus operandi* an NACD a bhíonn ag athrú agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ó láithreán gréasáin an NACD. Is é an Rialtas a leag amach a bpríomhfheidhmeanna in 2000 áfach agus níl aon athrú tagtha orthu sin – féach thall.

1.2 Feidhmeanna

Nuair a bunaíodh é in 2000, leagadh amach feidhmeanna an NACD (an Coiste) mar seo a leanas:

- Bunaithe ar anailís agus léirmhíniú ar thorthaí taighde an Choiste agus ar an eolas a bhíonn ar fáil dó, chun comhairle a chur ar an gCoiste Comh-Aireachta ar Uilechuimsitheacht Shóisialta agus, tríd sin, an Rialtas, i ndáil le forleithne, cosc, cóireáil agus imthosca a bhaineann le húsáid drugaí a bhfuil fadhb leo in Éirinn;

- Sraith eolas reatha agus cumas taighde a athbhreithniú i ndáil le forleithne, cosc, cóireáil agus imthosca a bhaineann le húsáid drugaí a bhfuil fadhb leo in Éirinn agus moltaí a dhéanamh, mar is cuí, ar conas ar chóir dul i ngleic le heasnaimh lena n-áirítear conas an méid agus is féidir a fháil as an t-eolas atá ar fáil ón earnáil phobail agus dheonach;

- Seachadadh ar chlár tosaíochta trí-bliana taighde agus meastóireachta a mhaoirsiú mar a mholann an Coiste Comhairleach Eatramhach chun freastal ar na bearnaí agus na riachtanais tosaíochta a aithníodh; trí:

    a) úsáid a bhaint as cumas na ngníomhaireachtaí iomchuí atá i mbun bhailiú faisnéise agus taighde, reachtúil agus neamh-reachtúil araon, chun eilimintí an chláir a thabhairt i gcrích;
    b) idirchaidreamh leis na gníomhaireachtaí sin d'fhonn na hacmhainní atá leithdháilte do sheachadadh an chláir a mhéadú agus dúbláil a sheachaint;
    c) chomhordú agus comhairle a thabhairt ar thionscadail taighde i bhfianaise an chláir tosaíochta;
    d) thionscadail taighde nach féidir freastal orthu trí chumas atá ann cheana a choimisiúnú;
    e) thaighde breise a choimisiúnú ar iarratas ón Roinn maidir le saincheisteanna drugaí a bhaineann le polasaí.

- Oibriú go dlúth leis a an mBord Taighde Sláinte (HRB) ar bhunú bhunachar sonraí eolais náisiúnta/taighde (i ndáil le forleithne, cosc, cóireáil agus imthosca a bhaineann le húsáid drugaí) ar féidir rochtain a fháil air go héasca; agus

- Comhairle a chur ar Ghníomhaireachtaí cuí le freagracht chun feasacht phoiblí níos mó a chur chun cinn maidir le saincheisteanna a eascraíonn ó thaobh úsáid drugaí a bhfuil fadhb leo agus díospóireacht a chur chun cinn agus a spreagadh trí thorthaí taighde a scaipeadh.

Caibidil a Dó

Struchtúir agus Clár Oibre

2.1 Struchtúir

2.1.1 An NACD

Tá an NACD comhdhéanta de 19 comhalta a ghlacann páirt ar bonn deonach, seachas an Cathaoirleach. Ó 2005, faigheann an Cathaoirleach airgead oinigh beag. Fónann na comhaltaí le cuireadh ón Aire Stáit agus éilíonn a rannpháirteacht orthu suí ar phríomhchoiste an NACD d'fhochoiste amháin ar an laghad. Bíonn cruinnithe NACD sceidealaithe go ginearálta le bheith ar siúl gach sé seachtainí seachas mí Iúil agus Lúnasa. In 2009, tionólodh cúig ghnáthchruinniú, cruinniú pleanála amháin agus cruinniú éigeandála amháin chun impleachtaí an staid foirne a mheas nuair nach ndearnadh conradh an Oifigigh Taighde a athnuachan. Tugtar na mionsonraí maidir le comhaltas in Aguisín 1.

2.1.2 Fo-Choistí

Mar gheall ar chomh casta agus atá saincheist na ndrugaí, déanann an NACD bainistiú ar an gclár oibre trí struchtúir fo-choiste lena n-áirítear grúpaí comhairleacha (RAGanna). Tá cúig fo-choiste i mbun oibre: Imthosca; Treochtaí Luathrabhaidh atá ag teacht chun cinn; Forleithne; Cosc; agus Cóireáil/Athshlánú. Casann gach coiste ar a chéile mar is gá agus faoi réir ag riachtanais chlár oibre an NACD. In 2009, tionóladh 13 cruinniú fo-choiste in iomlán mar seo a leanas: Imthosca (2); Treochtaí Luathrabhaidh atá ag teacht chun cinn (3); Forleithne (4); Cosc (1); agus Cóireáil/Athshlánú (3). Tionóladh 13 cruinniú RAG in iomlán in 2009. Tugtar na mionsonraí maidir le comhaltas fo-choiste in Aguisín 2.

2.1.3 Téarmaí Tagartha

Tá Téarmaí Tagartha do fo-choistí agus do ghrúpaí comhairleacha taighde ar fáil ar láithreán gréasáin an NACD.

2.2 Clár Oibre an NACD

In 2001, d'fhoilsigh an NACD a chéad chlár oibre agus foilsíodh plean gnó in 2002. Rinne Talbot Associates an NACD a athbhreithniú go seachtrach in 2004 agus mar thoradh air sin cheadaigh an Rialtas sainordú nua go dtí deireadh 2008. Foilsíodh plean gnó trí bliana in 2005. Leag sé sin amach clár oibre nua a chorpraíonn tionscadail ó chláir oibre roimhe seo a bhí fós le cur i gcrích agus taighde a bhí le déanamh in athuair. Dá réir sin, bhain taighde a dhéanann an NACD i rith 2009 go príomha le gníomhaíochtaí a éilíodh ar an NACD faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008. Tá na gníomhaíochtaí sin leagtha amach in Aguisín 3 den tuarascáil.

Ag eascairt ó chinneadh Rialtais i mí an Mheithimh 2009 a cheadaigh moltaí do Straitéis Náisiúnta Drugaí nua (eatramhach) 2000-2016, síneadh sainordú an NACD go dtí 2011. Tá na gníomhaíochtaí a raibh an NACD freagrach astu leagtha amach i gCaibidil 7 den Straitéis nua. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasain Oifig an Aire do Dhrugaí www.pobail.ie. I bhfianaise na tosaíochtaí taighde agus eolais a aithníodh sa Straitéis, cuireadh forbairt clár oibre NACD nua chun cinn chun an tréimhse suas go dtí 2011 a chlúdach sa dara leath de 2009.

In 2009, rinneadh coimisiúnú ar thionscadal taighde nua agus bhí ocht tionscadal taighde ar siúl. Baineadh amach 10 foilseachán; ba foilseacháin don ghréasáin amháin iad cúig cinn acu sin agus cuireadh i gcló agus scaipeadh an chuid eile.

2.2.1 Achoimre ar 2009

Bhí an clár oibre leanúnach in 2009 comhdhéanta den méid seo a leanas:

- Anailís ar shonraí ó Suirbhé Forleithne Drugaí 2006/2007 ag críochnú le foilsiú Bullaitíní 5 & 6 agus Eatraimh Mhuiníne do Bhullaitín 2;
- Foilsiú ar thuarascáil deiridh ROSIE;
- Anailís shonraí leanúnach ar staidéar comparáide ar úsáid drugaí agus taighde mheirdreachais ag críochnú le táirgeadh an tuarascáil deiridh de 'Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath';
- Anailís shonraí leanúnach ar staidéar comparáide ar úsáid drugaí i measc luathfhágálaithe scoile agus taighde lucht freastail;
- Tuarascáil ar Athstaidéar Gabhála agus Athghabhála críochnaithe agus foilsithe;

- Taighde ar mhargaí drugaí in Éirinn;
- Pleanáil ar Shuirbhé Forleithene Drugaí 2010-2011.

Taighde a coimisiúnaíodh go seachtrach:

- Dréachtú na tuarascála deiridh ar Staidéar an Luathfhágálaí Scoile.

Obair inmheánach – achoimre ar ghníomhaíochtaí:

- Staidéar an Luathfhágálaí Scoile – monatóireacht leanúnach ar anailís shonraí, saincheisteanna tairisceana, meastóireacht ar bhreacadh suas tuarascála – ar fad á mbainistiú go hinmheánach;
- Staidéar ar Mhargaí Drugaí – monatóireacht agus tacaíocht leanúnach;
- Úsáideoirí Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath – scríobh na tuarascála a chríochnú, tuarascáil deiridh a fhoilsiú – seimineár a eagrú agus seoladh na tuarascála a bhainistiú go hinmheánach;
- Suirbhéanna Forleithene Drugaí – dhá bhullaitín a ullmhú agus a fhoilsiú, eatraimh mhuiníne (CIanna) a ullmhú do bhullaitín 2 (suirbhé 06/07) agus eatraimh mhuiníne 2002/3 a thabhairt suas chun dáta;
- Bainistiú ar athbhreithniú agus ar threoir don fhoireann taighde ar thuarascáil deiridh ROSIE;
- Athbhreithniú NDS – freastal ar chruinnithe agus comhairliúcháin;
- Monatóireacht agus tacaíocht don fhoireann taighde ar an Athstaidéar Gabhála agus Áthghabhála;
- Aiseolas ar Fhóram Maoirseoireachta ar Dhrugaí;
- Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliaintúil 2008 agus foilsíodh ar an ngréasán í;
- Cothabháil ar an láithreán gréasáin agus aistriúchán Gaeilge leanúnach ar uaslódáil chuí chuig an láithreán gréasáin;
- Bogadh eagraithe chuig áitreamh nua.

2.2.2 An Próiséas Taighde

Tá tacaíocht ón nGrúpa Comhairleacha Taighde (RAG) ag gach taighde. Nótáladh Téarmaí Tagartha na RAGanna i dtuarascálacha roimhe seo agus tá siad anois ar fáil ar an láithreán gréasáin. Tagann an RAG le chéile nuair atá an cheist taighde cinnte agus caithfear dul i mbun phróiseas coimisiúnithe. Conraítear an taighde go seachtrach via iarratais ar thairiscintí, caidreamh díreach nó gníomhaíocht inmheánach. Déanann an RAG, atá comhdhéanta de gheallsealbhóirí nó saineolaithe cuí go ginearálta, an próiseas taighde a

mhaoirsiú, ag cur oiliúna agus meantóireachta ar na taighdeoirí, agus tabhairt comhairle agus treoir nuair is cuí agus ag déanamh athbhreithniú ar aschur scríofa roimh tuarascáil a shíniú agus a chur faoi bhráid an NACD.

2.2.3 Taighde Coimisiúnithe

Rinneadh coimisiúnú ar thionscadal taighde amháin in 2009 agus cuireadh tús le réamhobair ar Suirbhé Forleithene Drugaí 2010/2011, mar a léirítear thíos:

(i) **Fachtóirí Riosca agus Cosanta d'úsáid Substaint i measc Daoine Óga: Staidéar comparáide ar luathfhágálaithe scoile agus ar dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoil**

Ghníomhaigh an NACD mar Phríomh-Imscrúdaitheoir sa staidéar seo a dearadh go hinmheánach. Fuair an NACD ceadú eiticiúil chun an staidéar a chur i bhfeidhm ó Choiste Eitice Taighde Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Tá an staidéar ag déanamh iniúchadh ar úsáid drugaí i measc luathfhágálaithe scoile agus lucht freastail scoile i gcomhthéacs fachtóirí riosca agus cosanta. Tar éis an staidéar píolótach a thabhairt chun críche, rinneadh tairiscint d'eilimint obair allamuigh an phríomhstaidéir agus dámhadh é sin ar Ipsos MORI. Tugadh an obair allamuigh chun críche in 2008. Tar éis anailís tosaigh ar shonraí súirbhé a críochnaíodh in 2009, rinne an NACD coimisiúnú ar thaighdeoir chun tuarascáil a dhréachtú ar thorthaí an taighde. Cuireadh torthaí deiridh an staidéir i láthair an NACD i mí na Nollag.

(ii) **Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2010/2011 Suirbhé Forleithne Drugaí**

Ag eascairt ó Chinneadh Rialtais ón 31 Márta 2009, tá Oifig an Aire do Dhrugaí agus an Roinn Sláinte agus Leanaí ag forbairt Straitéis Náisiúnta Mí-úsáid Drugaí faoi láthair a chuirfear i gcrích in 2010 chun an tréimhse 2011-2016 a chlúdach. Beidh sonraí suas chun dáta ag teastáil chun freagairtí daonrabhunaithe ar alcóil agus ar drugaí eile a phleanáil chun an straitéis nua a chur i bhfeidhm in 2011/2012. Dá réir sin, tá ceisteanna nua á gcur san áireamh i Suirbhé Forleithne Drugaí 2010/2011 chun úsáid alcóil, spleáchas agus díobhálacha gaolmhara a thomhas. Tá ceisteanna nua á gcur san áireamh chun spleáchas cannabais agus úsáid drugaí 'Head Shop' a thomhas. Fuair an NACD ceadú eiticiúil don suirbhé ó Choiste Eitice Taighde Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí agus Dhámh

Leigheas Ceirde. Cuireadh iarratas do léirithe spéise chun céim oibre allamuigh an tsuirbhé a dhéanamh isteach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí na Nollag 2009.

2.2.4 Taighde Leanúnach

(i) **Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Forleithne Drugaí**

Cuireann an tsraith bhullaitíní seo na príomhthorthaí ón dara suirbhé forleithne drugaí de líonta tí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon i láthair. Rinneadh suirbhé ar shampla ionadaíoch daoine idir 15 agus 64 bliain d'aois go déanach in 2006/go luath in 2007, de réir na gcaighdeán a shocraigh an Ionad Monatóireachta Eorpach do Dhrugaí agus Andúilíocht Dhrugaí (EMCDDA). Baineann na sonraí sna bullaitíní sin le rátaí forleithne drugaí ar bhonn saoil, na bliana anuraidh (le deireanas) nó na míosa seo caite (faoi láthair) do dhrugaí mídhleathacha agus eile lena n-áirítear alcóil agus tobac. Cuireadh éagsúlachtaí suntasacha staitistiúla i rátaí forleithne idir 2002/3 agus 2006/7 i láthair chomh maith. Bhí comhoibriú dlúth ann le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann chun caighdeáin mheaitseála a chinnitú agus chun comhfhoilseacháin ar na sonraí don dá dhlínse a fhorbairt. Bhí cúig foilseacháin ann in 2009:

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Torthaí Uasghrádaithe ó Shuirbhé Forleithne Drugaí 2002/2003: Bullaitín 1: **EATRAIMH MHUINÍNE NUASHONRAITHE.** Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí Feabhra 2009;

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Torthaí Uasghrádaithe ó Shuirbhé Forleithne Drugaí 2002/2003: Bord Sláinte (Éirinn) agus Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta (Tuaisceart Éireann): Bullaitín 2: **EATRAIMH MHUINÍNE.** Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí Feabhra 2009;

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Forleithne Drugaí: Torthaí an Tascfhórsa Réigiúnach um Dhrugaí (RDTFanna): Bullaitín 2: **EATRAIMH MHUINÍNE.** Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí Feabhra 2009;

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Forleithne Drugaí: **Torthaí do Thámhacháin nó do Shuaimhneasáin agus d'fhrithdhúlagráin:** Bullaitín 6. Foilsithe i mí Mhárta 2009;

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Forleithne Drugaí: **Torthaí d'úsáid Poladhrugaí:** Bullaitín 5. Foilsithe i mí an Mheithimh 2009.

(ii) **An Staidéar ar Thorthaí Taighde in Éirinn a dhéanann Éifeachtacht Chóireáil Drugaí a Mheas (Staidéar ROSIE)**

In 2002 rinne an NACD coimisiúnú ar an Staidéar ROSIE faoi Ghníomh 99 den Straitéis Náisiúnta Drugaí 2000-2008. Bhí sé ar an gcéad staidéar ar thorthaí chóireáil drugaí il-láithreáin comhréireach ionchasach náisiúnta sa tír. D'earcaigh an Staidéar 404 úsáideoir codlaidíneacha agus lean sé suas orthu, ó cuireadh tús le heipeasóid chóireála nua (inghabháil chóireála) agus rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn ag pointí am-dhaingnithe: 6 mhí; 1 bliain; agus 3 bliana tar éis inghahbáil chóireála. Earcaíodh na rannpháirtithe agus iad ag dul isteach i dtrí chineál cóireála: cothabháil mheatadóin (53.2%); díthocsainiú struchtúrtha (20%); agus cóireáil staonadh-bhunaithe (20.3%); agus earcaíodh foshampla d'úsáideoirí codlaidínigh ó shaoráidí malartaithe snáithaidí (6.4%).

Foilsíodh ceithre bullaitín Thorthaí ROSIE in 2007, thuairisc an chéad ceann (Torthaí ROSIE 1) ar na torthaí ag bliain amháin d'úsáid drugaí, rannpháirtíocht i gcoiriúlacht, iompar riosca a bhaineann le hinstealladh, agus torthaí sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte. Thuairisc na trí bhullaitín ina dhiaidh sin (Torthaí ROSIC 2, 3 agus 4) ar thorthaí tar éis 1 bhliain amháin do gach modh cóireála (díthocsainiú, staonadh, agus meatadón).

Bhí anailís bhreise ar shonraí ROSIE do thorthaí tar éis 1 bhliain amháin agus tar éis trí bliana fós ar siúl ag deireadh 2007 agus foilsíodh trí bhullaitín de 'Thorthaí ROSIE' in 2008. Sholáthar Torthaí ROSIE 5 anailís ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí de réir inscne ag an leanúint suas tar éis 1 bliain amháin. Foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2008. Chuir Torthaí ROSIE 6 achoimre ar thorthaí trí bliana ar fáil don daonra staidéir go léir (ráta leanúna de 88%) le cur síos déanta a thug agallamh ag inghabháil agus ag 3 bliana. Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí Dheireadh Fómhair 2008;

Chuir Torthaí ROSIC 7 torthaí i láthair dóibh siúd a chríochnaigh na trí agallamh (ráta leanúna 72%) ag inghabháil go dtí cóireáil, ag leanúint suas bliain amháin agus trí bliana. Tugadh an grúpa *'Per Protocol'* ar na rannpháirtithe sin. Foilsithe i mí Dheireadh Fómhair 2008. Tá na foilseacháin sin ar fáil ar láithreán gréasáin an NACD www.nacd.ie

Staidéar ROSIE: Torthaí Cóireála Drugaí in Éirinn, foilsíodh agus scaipeadh an tuarascáil deiridh i sraith ROSIE i mí an Mheithimh 2009. Tugann an tuarascáil sin forléargas cuimsitheach ar an staidéar agus léiríonn sé sonraí agus torthaí inghabháil chóireála tar éis 1 bhliain amháin agus 3 bliana.

In 2008, rinne an NACD coimisiúnú ar DVD chun scéal na dTorthaí Cóireála Drugaí in Éirinn a insint agus críochnaíodh é i mí na Nollag. Scaipeadh an DVD in éineacht leis an tuarascáil ROSIE deiridh.

(iii) **Iniúchadh ar Thimpeallacht Riosca Úsáideoirí Drugaí Fadhbacha a bhíonn Páirteach i Meirdreachas i mBaile Átha Cliath**

Ghníomhaigh an NACD mar Phríomh-Imscrúdaitheoir sa staidéar seo. Dearadh go hinmheánach é agus fuair sé ceadú eiticiúil lena chur i bhfeidhm ó Choiste Eitice Taighde Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Rinneadh anailís agus léirmhíniú ar shonraí agus cuireadh céad dréacht den tuarascáil ar aghaidh chuig an NACD i mí na Nollag 2008. Seoladh, foilsíodh agus scaipeadh an tuarascáil deiridh i mí Bealtaine 2009. Thionóil an NACD seimineár i mí an Mheithimh chun torthaí na tuarascála a phlé leis na geallsealbhóirí.

(iv) **Staidéar ar Mhargaí Drugaí**

Rinneadh coimisiúnú ar an mBord Taighde Sláinte chun staidéar a dhéanamh ar mhargaí drugaí aindleathacha in Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá ann ó thaobh taighde atá ar fáil sa réimse sin. Tá sé beartaithe fachtóirí a scrúdú a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhorbairt mhargaí drugaí áitiúla, nádúr, eagrú agus struchtúr na margaí drugaí Éireannacha agus an tionchar a bhíonn ag mangaireacht drugaí agus margaí drugaí ar phobail áitiúla. Táthar ag súil go gcabhróidh an taighde chun cuspóirí agus príomhtháscairí feidhmíochta a léirítear faoi philéar laghdaithe soláthair na Straitéise Náisiúnta Drugaí a chur chun cinn. Críochnaíodh agallóireacht cháilíochtúil agus anailís ar shonraí a

cuireadh le chéile i leith na suíomhanna taighde i rith 2009. Cuireadh dréacht tosaigh den tuarascáil deiridh i láthair an NACD i mí na Nollag 2009.

(v) **Athstaidéar Gabhála agus Athghabhála**

Is athdhéanamh é seo ar an Staidéar Gabhála agus Athghabhála a sholáthar meastacháin ar fhorleithne úsáid chodlaidínigh fhadhbaigh in Éirinn don tréimhse 2000 go dtí 2001 ag baint úsaid as trí fhoinse sonraí: an Liosta Cóireála Lárnach, sonraí PULSE an Gharda Síochána agus bunachar sonraí HIPE (Fiosrúchán Othar Cónaitheach Ospidéil). Is é cuspóir an athstaidéir ná chun meastacháin uasghrádaithe a sholáthar bunaithe ar shonraí don tréimhse 2006. Tugadh an conradh don Dr. Alan Kelly ón Aonad Taighde Sláinte do Limistéir Bheaga (SAHRU), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun an tuarascáil a dhréachtú, a foilsíodh i mí na Nollag 2009.

2.2.5 Comhoibriú

Tá obair chomhoibritheach mar phríomhphrionsabal ag an NACD agus déantar gach iarracht a chinntiú go mbíonn geallsealbhóirí rannpháirteach ag leibhéil éagsúla i gcomhráite cuí, tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí taighde. Bhí an NACD an-ghníomhach le bliain anuas ag comhoibriú le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann ar an tríú Suirbhé Forleithne Drugaí Uile Éireann. Tá an comhchaidreamh oibre seo ag leanúint ar aghaidh ó 2002 i leith. Ina theannta sin, thug an NACD geallsealbhóirí cuí sna grúpaí comhairleacha taighde éagsúla (RAGanna) le chéile chun tacú le tionscadail taighde eile. Áirítear orthu sin oifigigh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta; an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí; an Roinn Sláinte agus Leanaí; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; An Bord Taighde Sláinte; Oifig an Aire do Dhugaí; UCD; Coláiste na Tríonóide; Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann; Clár Drugaí agus Alcóil Crosscare; Ruhama; Chrysalis; UISCE; Tionscadal Sláinte na mBan; Tionscadal Sláinte na bhFear Homaighnéasach; Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath; Straitéisí VEID Homaighnéasacha; An Garda Síochána; An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta; agus Aonad Forfheidhmithe Dlí Drugaí Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim.

2.3 Bainistíocht Feidhmíochta

2.3.1 An Fhoireann

Tá ceithre bhunphost ag an NACD arna tacú trí iasacht agus conradh ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá post stiúrthóir an NACD á líonadh ar iasacht ag Príomhoifigeach ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ó luath mhí Feabhra 2009. Tá Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais ar iasacht faoi láthair ón Roinn. Tá post an Oifigigh Taighde (post conartha) folamh faoi láthair.

2.3.2 Scórchárta Cothromaithe

In 2009 bhí ráta éifeachtachta 64% ag an NACD. Tá sé sin níos ísle ná i mblianta roimhe sin mar gheall ar mheascán d'athlonnú oifige, ciorruithe buiséid agus cailliúnt foirne ach go háirithe. Tionóladh 17 cruinniú inmheánach (ba cruinnithe foirne cúig cinn acu) chun dul i ngleic leis an sreabhadh oibre agus chun na leibhéil arda táirgiúlachta ó fhoireann chomh beag léi a chothabháil. Bhain na 12 cruinniú eile le hobair na bhfo-choistí, na ngrúpaí comhairleacha taighde agus cuairteoirí chuig an NACD.

Soláthraíodh mionteagaisc chuig an Aire ar chúig bhabhta agus freastalaíodh ar 22 cruinniú seachtrach, a bhain le soláthar tacaíochta chuig gníomhaireachtaí eile agus chuig clár taighde an NACD. Rinneadh ionadaíocht ar an gcoiste chomh maith ag cruinnithe an IDG agus an Fóram Maoirseoireachta ar Dhrugaí (OFD) nua.

I dteannta taighde a choimisiúnú agus a bhainistiú, gineann clár oibre an NACD réimse gníomhaíochtaí eile a chuireann diminsean bainistíochta tionscadal eile le hoibríochtaí an NACD. Áirítear ar an obair inmheánach tacaíocht runaíochta a sholáthar do na coistí éagsúla, eagrú imeachtaí, caidreamh meán agus an próiseas foilseacháin a bhainistiú (lena n-áirítear profáil, eagarthóireacht, seiceáil ar shlí mhionsonraithe na dréachtaí go léir a théann chuig agus a thagann ón teach dearaidh agus an próiseas priontála a chomhordú). Gineann gach foilseachán sraith gníomhaíochtaí a bhaineann le pleanáil agus scaipeadh tuarascálacha a eagrú, agus in 2009 scaipeadh os cionn 7,504 tuarascáil chuig príomhgheallsealbhóirí.

2.3.3 Saoráil Faisnéise (FOI)

Bíonn formhór eolas an NACD ar fáil ar-líne. Mar sin féin, faigheann sé iarratais saorála faisnéise ó am go ham. Tá leabhar tagartha foilsithe ar an láithreán gréasáin i ndáil le riachtanais Alt 15 agus 16 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. De réir Alt 15 den Acht, is é cuspóir an leabhar tagartha seo ná rochtain ar eolas oifigiúil atá ag an NACD a éascú, trí struchtúr, cuspóirí agus sonraí na seirbhísí a sholáthraíonn an NACD a léiriú, an tslí ar féidir leas a bhaint astu, eolas ar na haicmí taifead atá ann, agus eolas ar conas iarratas a dhéanamh chuig an NACD faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Éilíonn Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise ar an NACD leabhar a fhoilsiú ina bhfuil na rialacha, nósanna imeachta, cleachtais, treoirlínte agus na léirmhínithe a bhíonn in úsáid ag an NACD. Tá cóipeanna den fhoilseachán sin ar fáil ag www.nacd.ie nó iad a iarradh ó oifigí an NACD.

Is í Mary Jane Trimble an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise ag an NACD. Is é Alan Gaffney an Cinnteoir um Shaoráil Faisnéise agus is é an Stiúrthóir a dhéileálann le hachomhairc inmheánacha. Ní raibh aon iarratas maidir le Saoráil Faisnéise in 2009.

2.3.4 Oifig an Aire do Dhrugaí (OMD) Tacaíocht

Sholáthar an NACD eolas mar fhreagra ar Cheisteanna Parlaiminte (PQanna) chuig Oifig an Aire do Dhrugaí, ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta agus sholáthar sé eolas eile mar fhreagra ar fhiosruithe ginearálta ar shaincheisteanna drugaí i rith 2009. Thacaigh an OMD leis an NACD ó thaobh conarthaí a ullmhú agus a shíniú agus acmhainní airgeadais atá leithdháilte chuig an NACD a riaradh.

2.3.5 Rannpháirtíocht in Oiliúint

Leanadh le forbairt ghairimiúil leanúnach foirne in 2009 trí rannpháirtíocht i seimineár agus comhdhálacha éagsúla agus trí rannpháirtíocht ar chúrsaí sainiúla a comhaontaíodh tríd an bplean forbartha gairmiúil. Chlúdaigh na cúrsaí réimsí a bhain le:

- Eagarthóireacht & Léamh Profaí;
- Oiliúint Mheáin.

Caibidil a Trí

Cumarsáid

Éilíonn príomhchuspóirí an NACD tiomantas do chumarsáid sa tuiscint is leithne chun díospóireacht agus plé ar shaincheisteanna drugaí a chur chun cinn agus a spreagadh go hinmheánach agus go seachtrach i measc réimse leathan geallsealbhóirí a mbíonn idirchaidreamh acu leis. Tá foilsiú agus scaipeadh taighde NACD mar dhiminsean breise ó thaobh uirlisí cumarsáide a úsáid chun spriocanna a bhaint amach. Is iad cuspóirí na straitéise cumarsáide ná:

- Comhairle agus mionteagaisc thráthúla a sholáthar don Aire ar phríomhcheisteanna agus treochtaí atá ag teacht chun cinn;
- Comhairle a chur ar sholáthróirí seirbhíse agus cleachtóirí feadh réimsí torthaí taighde cuí a d'fhéadfadh smaoineamh agus cleachtadh reatha a chur ar an eolas;
- An clár oibre taighde a chur chun cinn i measc príomhlucht tionchair sna gníomhaireachtaí agus comhlachtaí sin a chuireann chun cinn, a dhéanann coimisiúnú air, a dhéanann maoiniú air nó a thugann faoi thaighde a bhaineann le drugaí agus/nó a bhfuil rochtain acu ar shonraí cuí sa réimse seo;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an NACD agus ar Éirinn ag fóraim idirnáisiúnta.

3.1 Comhairle don Rialtas

Chuir an NACD comhairle ar fáil don Rialtas ag amanna éagsúla i rith 2009 trína rannpháirtíocht ar an IDG agus ina dhiaidh sin an Fóram Maoirseoireachta ar Dhrugaí, trína mhionteagaisc leis an Aire agus trí mholtaí a rinneadh bunaithe ar thaighde nó eolas a raibh breithniú déanta aige air. In 2009 chlúdaigh an chomhairle sin réimsí torthaí cóireála drugaí, forleithne támhachán agus suaimhneasán, úsáid poladhrugaí, laghdú díobhála agus forleithne úsáid chodlaidínigh. Soláthraíonn an NACD comhairle agus tacaíocht leanúnach d'Oifig an Aire do Dhrugaí agus é ag freagairt do cheisteanna parlaiminte agus fiosruithe ginearálta.

3.2 Caidreamh Meán

In 2009 lean an NACD ag gineadh suim mhór ó thaobh na meáin de. D'fhreastail réimse leathan d'ionadaithe ó na meáin ar sheoladh na tuarascála ar "*Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath*", leis an Aire, an Cathaoirleach, agus comhaltaí NACD eile ag glacadh páirt in agallaimh ar shaincheisteanna éagsúla a eascraíonn ón taighde.

Gineann foilseacháin NACD clúdach nuachta láithreach agus in 2009 rinneadh tagairt don NACD i bhfeasacháin nuachta, feadh 20 stáisiún raidió áitiúil lena n-áirítear ceithre stáisiún neamhspleách i mBaile Átha Cliath, ar RTÉ One; 2FM; Today FM; agus Newstalk Radio. Tugadh fiche trí agallamh ar nuacht raidió agus teilifíse náisiúnta agus réigiúnach agus ar chláir chúrsaí reatha lena n-áirítear cláir ar RTÉ One; 2FM; Newstalk Radio; FM104; Today FM; agus naoi gcainéil áitiúil agus réigiúnach eile.

Foilsíodh naoi alt déag a bhain le foilseacháin a d'eisigh an NACD nó taighde a rinne an NACD i nuachtáin náisiúnta lena n-áirítear: The Irish Times; Irish Examiner; Irish Independent; Sunday Business Post; Daily Star; Irish Daily Mirror; Herald AM; agus Metro. Foilsíodh 10 alt eile ar ocht gcinn de láithreáin mheán ghréasánbhunaithe.

3.3 Láithreán Gréasáin an NACD

Tá an t-eolas riachtanach faoin NACD, lena n-áirítear fís, misean, luachanna, cuspóirí agus comhaltas an NACD, le fáil ar an láithreán greasáin. Áirítear chomh maith eolas ar an struchtúr fo-choiste agus clár oibre an NACD.

Tá athstruchtúrú déanta ar an láithreán chun é a dhéanamh níos oiriúnaí d'úsáideoirí agus tá sé tugtha suas chun dáta chun na tionscadail taighde, imeachtaí agus seimineáir a tharla in 2009 agus i mblianta roimhe sin a chur san áireamh. Tá naisc breise curtha leis an láithreán gréasáin.

Foilsítear na tuarascálacha NACD go léir ag an am céanna ar an láithreán gréasáin agus is féidir iad a uaslódáil saor in aisce. Tá an láithreán gréasáin i bhformáid dhátheangach – Béarla agus Gaeilge – mar sin is féidir leaganacha Gaeilge de thuarascálacha bliantúla, pleananna gnó, preasráitis agus achoimrí taighde ó 2003 ar aghaidh a uaslódáil.

3.4 Seiminéair/Comhdhálacha eagraithe ag an bhfoireann NACD in 2009

Comhdháil NACD "Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath" Coach House, Caisleán Bhaile Átha Cliath 18 Meitheamh 2009

Ba é aidhm na comhdhála ná príomhthorthaí an taighde "Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath" a chur i láthair do sholáthróirí seirbhíse agus oibrithe gníomhaireachta a oibríonn go díreach nó go hindíreach leis an ngrúpa seo úsáideoirí drugaí. Ba é an tAire John Curran a d'oscail an chomhdháil agus ba í an Dr. Teresa Whitakear (NACD) a chuir torthaí agus moltaí na tuarascála i láthair. Áiríodh ar na cainteoirí a fuair cuireadh bhí an Dr. Linda Cusick, Léachtóir in Úsáid Substaintí in Ollscoil Iarthar na hAlban agus Ms. Katherine McGarry ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a chur na páipéir ar phríomhghnéithe na moltaí a bhí sa tuarascáil i láthair.

3.4.1 Seiminéair/Comhdhálacha arna freastal ag an bhfoireann NACD in 2009

Feabhra

Seimineár: Cnagchócaon – An Bord Taighde Sláinte 24 Feabhra 2009

Seimineár: Comhdháil Úsáideora SPSS (is pacáiste anailíse staitisticiúil é SPSS) – SPSS Ireland

Meitheamh

Comhdháil: Comhdháil Dínite - Tionscadal Sláinte na mBan

Gainneáil Ghnéis agus Meirdreachas: Aincheist an Éilimh – Comhairle Inimirceach na hÉireann

Meán Fómhair

Comhdháil: An Bhearna Taighde i Réimse na nDrugaí Aindleathacha san AE a líonadh, a reachtáil ag an gCoimisiún Eorpach, an Bhruiséil

3.4.2 Cuir i láthair tugtha ag an bhFoireann Taighde i rith 2009

Márta

Cur i láthair ar *Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath* don Ghrúpa Idir-Rannach ar Dhrugaí, leis an Dr. Teresa Whitaker

Aibreán

Cur i láthair do Chomhdháil: Cumann Socheolaíoch na hÉireann – Port Láirge leis, an Dr. Teresa Whitaker

3.5 Foilseacháin agus Aighneachtaí ag an NACD

Páipéar Aighneachta ar Riachtanais Shonraí an NACD chuig an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta. Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí Eanáir 2009.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Torthaí Uasghrádaithe ó Shuirbhé Forleithne Drugaí 2002/2003: Bullaitín 1: Eatraimh Mhuiníne Nuashonraithe. Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí Feabhra 2009.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Torthaí Uasghrádaithe ó Shuirbhé Forleithne Drugaí 2002/2003: Bord Sláinte (Éirinn) agus Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta (Tuaisceart Éireann): Bullaitín 2: Eatraimh Mhuiníne Nuashonraithe. Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí Feabhra 2009.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Suirbhé Forleithne Drugaí 2006/2007: Torthaí an Tascfhórsa Réigiúnach um Dhrugaí (RDTFanna): Bullaitín 2: Eatraimh Mhuiníne. Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí Feabhra 2009.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Suirbhé Forleithne Drugaí 2006/2007: Torthaí do Thámhacháin nó do Shuaimhneasáin agus d'fhrithdhúlagráin: Bullaitín 6. Foilsithe i mí Mhárta 2009.

Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath. Foilsithe i mí Bealtaine 2009.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Suirbhé Forleithne Drugaí 2006/2007: Torthaí d'úsáid Poladhrugaí: Bullaitín 5. Foilsithe i mí an Mheithimh 2009.

Tuarascáil Bhliantúil 2008. Foilsithe ar an ngréasán amháin i mí an Mheithimh 2009.

Staidéar ROSIE: Torthaí Cóireála Drugaí in Éirinn. Foilsithe i mí an Mheithimh 2009.

Forleithne Úsáid Chodlaidínigh in Éirinn 2006: Athstaidéar Gabhála agus Áthghabhála 3-Fhoinse. Foilsithe i mí na Nollag 2009.

Caibidil a Ceathair

Airgeadas

4.1 Taighde – Leithdháiltí Maoinithe
(do Thionscadail Taighde Coimisiúnithe in 2009)
(lena n-áirítear CBL nuair is infheidhme)

Grúpa Comhairleach Taighde

Fachtóirí Riosca agus Cosanta d'úsáid Substaint i measc Daoine Óga: Staidéar Comparáide ar Luathfhágálaithe Scoile agus ar Dhaltaí a Fhreastalaíonn ar Scoil
(Dréachtú na tuarascála deiridh)
Mr Trutz Hasse €43,740.00

Gníomhartha/Gníomhaíochtaí Tacaíochta
Caidreamh Meán
Cumarsáid Montague €20,091.52

Iomlán Leithroinnt NACD **€63,831.52**

4.2 Caiteachas NACD

Leithroinn an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta buiséad bliantúil de €1 milliún i dtreo feidhmithe an NACD. Leithroinntear seachtó faoin gcéad den bhuiséad bliantúil do mhaoiniú taighde agus an 30% eile do riaradh ginearálta.

Is cur síos iad na figiúirí a léirítear ar chaiteachas NACD ar taighde agus riaradh ginearálta do 2009. Tá airgeadas NACD comhtháite laistigh de chuntais ghinearálta na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Caiteachas NACD ar thionscadail taighde nua agus atá ann cheana, lena n-áirítear caidreamh meán, do 2009 **€301,518.16**

Caiteachas NACD ar riaradh ginearálta, lena n-áirítear pá agus seirbhísí dlí, do 2009 **€184,225.69**

Aguisín a nAon

Comhaltas an Choiste NACD amhail an 31 Nollaig 2009

An Cathaoirleach
An Dr. Des Corrigan, Acadóir ar Cuairt, Scoil na Cógaisíochta agus na hEolaíochta Cógaisíochta, Coláiste na Tríonóide

Leas- Chathaoirleach
An Dr. Mary Ellen McCann, Ceapachán Acadúil

Comhaltaí
Mr. Tony Barden, FSS Réigiún an Oirdheiscirt
An tOllamh Joe Barry, Ceapachán Acadúil
Mr Denis Bradley, Earnáil Náisiúnta Dheonach Drugaí
Mr Declan Byrne, Earnáil Dheonach
Mr Michael Conroy, An Roinn Gnóthaí Tuaithe, Pobail & Gaeltachta
An Seanadóir Maria Corrigan, Síceolaí Cliniciúil
Mr Joseph Doyle, Coiste Náisiúnta Feidhmithe Athshlánaithe Drugaí
Mr Tony Duffin, Earnáil Náisiúnta Dheonach Drugaí
Mr Bill Ebbitt, FSS Stiúrthóireacht um Chur Chun Cinn Sláinte
Mr John Garry, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí
An Dr. Eamon Keenan, Síciatraí Comhairleach, FSS Limistéar an Iardheiscirt
An Dr. Jean Long, An tAonad Bróicéireachta Feasachta agus Giniúna Fianaise (EGKBU), ADRU roimhe seo, An Bord Taighde Sláinte
Ms Geraldine Luddy, An Roinn Sláinte & Leanaí
Mr Charles R. Murphy, IAAAC
Mr Liam O'Brien, An Earnáil Phobail
An Dr. Máirín O'Sullivan, An Roinn Oideachais & Eolaíochta
An Bleachtaire-Ceannfort Michael D. O'Sullivan, Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána

Comhaltaí NACD ar Scor (2009)
Ms Jackie Blanchfield, VDTN
Mr Eamon Corcoran, An Roinn Sláinte & Leanaí
Ms Vivienne Fay, FSS
Ms Mairéad Kavanagh, VDTN
An Bleachtaire-Ceannfort Barry O'Brien, Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána
Ms Mary O'Shea, IAAAC
Ms Anna Quigley, An Earnáil Phobail

Comhaltaí na bhFo-choistí (i rith 2009)
(Nach bhfuil ar Phríomhchoistí)

Iarmhairtí
An Dr. Hugh Gallagher, FSS
An Dr. Suzi Lyons, NHISU, An Bord Taighde Sláinte
Ms Alison O'Reilly, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí
Ms Mary O'Shea, Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath
Mr Gabriel Staunton, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Treochtaí Luathrabhaidh/Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn
Ms Marita Kinsella, An Roinn Sláinte & Leanaí
Ms Niamh Arthur, Bord Leigheasra na hÉireann
Ms Helen Crosse, An Roinn Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont
An Dr. James Gray, An Roinn Éigeandála, AMNCH
Mr Gerry Hayes, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí
An Dr. Richie Maguire, An Biúró Liachta um Shábháilteacht ar Bhóithre
Mr Barry McGreal, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí
Mr Chris Murphy, Clár Drugaí & Alcóil Crosscare
An Dr. Daniel O'Driscoll, An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta
An Dr. Audrey O'Donnell, An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta
Ms Mary O'Reilly, An Roinn Sláinte & Leanaí
Ms Noreen Quinn, An Roinn Sláinte & Leanaí
Mr Liam Regan, An tSaotharlann Stáit
An Bleachtaire-Sáirsint Brian Roberts, Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána
Ms Maria Ryan, Na Coimisinéirí Ioncaim
An Dr. Bobby Smyth, FSS Limistéar an Iardheiscirt
Mr Gabriel Staunton, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta
Ms Siobhan Stokes, Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí
Ms Gillian Treacy, An Roinn Sláinte & Leanaí
An Dr. Joe Tracey, An Roinn Tocsaineolaíochta, Oispidéal Beaumont
Ms Fiona Walsh, FSS Limistéar an Iarthair

Forleithne
Mr Eddie Arthurs, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta
Mr Barry McGreal, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí
An Dr. Bobby Smyth, FSS Limistéar an Iardheiscirt

Cosc
Mr Robbie Breen, An Roinn Sláinte & Leanaí
Ms Mary Johnston, Seirbhísí Tacaíochta an Chláir Walk Tall
Ms Ruby Morrow, Coláiste Eaglais na hÉireann
Ms Dairearca Ní Neill, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta
Ms Clare O'Reilly, An Roinn Sláinte & Leanaí
Ms Mary O'Shea, Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath

Cóireáil / Athshlánú
Mr Alan Bell, An Roinn Sláinte & Leanaí
Ms Elaine Butler, An Ghníomhaireacht do Dhaoine gan Dídean
Mr Paul Conlon, Pobal Teiripeach Chúil Mhín
Ms Miriam Conway, Seirbhísí Pobail FÁS
Ms Frances Nangle-Connor, Seirbhís Príosún na hÉireann
Ms Anna May Harkin, An Roinn Sláinte & Leanaí
Mr Seamus Hempenstall, An Roinn Oideachais & Eolaíochta
An Dr. Suzi Lyons, NHISU, An Bord Taighde Sláinte
Ms Siobhan Maher, Líonra Tacaíochta Teaghlaigh
Mr Tim McCarthy, An Roinn Sláinte & Leanaí
Ms Dairearca Ní Neill, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Aguisín a Dó

Tábla Comhaltas an Fho-Choiste amhail an 31 Nollaig 2009

		Iarmhairtí	TTC	Forleithne	Cosc	Cóireáil
An Dr. Des Corrigan	Acadóir ar Cuairt, Scoil na Cógaisíochta agus na hEolaíochta Cógaisíochta, Coláiste na Tríonóide	✓	✓	✓		
An Dr. Mary Ellen McCann	Ceapachán Acadúil	✓			✓	
An tOllamh Joe Barry	Ceapachán Acadúil			✓		✓
Mr Bill Ebbitt	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte				✓	
An Seanadóir Maria Corrigan	Síceolaí Cliniciúil				✓	✓
Mr Declan Byrne	Earnáil Dheonach					✓
Mr Tony Duffin	Earnáil Náisiúnta Dheonach Drugaí		✓			
An Dr. Eamon Keenan	Síciatraí Comhairleach, FSS Limistéar an Iardheiscirt	✓				✓
An Dr. Jean Long	EGKBU, An Bord Taighde Sláinte		✓	✓		
Ms Geraldine Luddy	An Roinn Sláinte agus Leanaí			✓		
Mr Joseph Doyle	Coiste Náisiúnta Feidhmithe Athshlánaithe Drugaí			✓		✓
An Bleachtaire-Ceannfort Michael D.O'Sullivan	Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána	✓		✓		
Mr Liam O'Brien	Earnáil Phobail	✓				✓
Mr Tony Barden	FSS Réigiún an Oirdheiscirt					✓

		Iarmhairtí	TTC	Forleithne	Cosc	Cóireáil
Mr Charles R. Murphy	IAAAC					✓
An Dr. Máirín O'Sullivan	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta				✓	
Ms Alison Reilly	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	✓				
Ms Mary O'Shea	Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath	✓			✓	
An Dr. Suzi Lyons	NHISU, An Bord Taighde Sláinte	✓				✓
An Dr. Hugh Gallagher	FSS	✓				
Mr Gabriel Staunton	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	✓	✓			
Ms Marita Kinsella	Príomhchógaiseoir, An Roinn Sláinte agus Leanaí		✓			
An Dr. Joe Tracey	An Roinn Tocsaineolaíochta, Oispidéal Beaumont		✓			
An Dr. Audrey O'Donnell	An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta		✓			
An Dr. James Gray	An Roinn Éigeandála, AMNCH		✓			
Ms Gillian Treacy	An Roinn Sláinte agus Leanaí		✓			
Mr Gerry Hayes	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí		✓			
An Bleachtaire-Sáirsint Brian Roberts	Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána		✓			
Ms Mary O'Reilly	An Roinn Sláinte agus Leanaí		✓			
Mr Liam Regan	An tSaotharlann Stáit		✓			

		Iarmhairtí	TTC	Forleithne	Cosc	Cóireáil
An Dr. Daniel O'Driscoll	An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta		✓			
Ms Noreen Quinn	An Roinn Sláinte agus Leanaí		✓			
Ms Helen Crosse	An Roinn Tocsaineolaíochta, Oispidéal Beaumont		✓			
An Dr. Bobby Smyth	FSS, Limistéar an Iardheiscirt		✓	✓		
An Dr. Richie Maguire	An Biúró Liachta um Shábháilteacht ar Bhóithre		✓			
Ms Maria Ryan	Na Coimisinéirí Ioncaim		✓			
Ms Niamh Arthur	Bord Leigheasra na hÉireann		✓			
Ms Fiona Walsh	FSS Limistéar an Iarthair		✓			
Ms Siobhan Stokes	Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí		✓			
Mr Chris Murphy	Clár Drugaí agus Alcóil Crosscare		✓			
Mr Barry McGreal	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí		✓	✓		
Mr Eddie Arthurs	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta			✓		
Mr Robbie Breen	An Roinn Sláinte agus Leanaí				✓	
Ms Ruby Morrow	Coláiste Eaglais na hÉireann				✓	
Ms Mary Johnston	Seirbhísí Tacaíochta an Chláir Walk Tall				✓	
Ms Clare O'Reilly	An Roinn Sláinte agus Leanaí				✓	

		Iarmhairtí	TTC	Forleithne	Cosc	Cóireáil
Ms Dairearca Ní Neill	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta				✓	✓
Ms Frances Nangle-Connor	Seirbhís Príosún na hÉireann					✓
Mr Alan Bell	An Roinn Sláinte agus Leanaí					✓
Mr Paul Conlon	Pobal Teiripeach Chúil Mhín					✓
Mr Seamus Hempenstall	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta					✓
Mr Tim McCarthy	An Roinn Sláinte agus Leanaí					✓
Ms Elaine Butler	An Ghníomhaireacht do Dhaoine gan Dídean					✓
Ms Miriam Conway	Seirbhísí Pobail FÁS					✓
Ms Siobhan Maher	Líonra Tacaíochta Teaghlaigh					✓

Aguisín a Trí

Gníomhaíochtaí a Éileofar ar an NACD faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008

Sa Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008, iarradh ar an NACD tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas.

98 Staidéir a dhéanamh ar mhí-úsáid drugaí i measc na ngrúpaí riosca a aithníodh mar shampla an lucht siúil, meirdrigh, daoine gan dídean, luathfhágálaithe scoile etc. lena n-áirítear dídheighilt shonraí ar na grúpaí sin. Tá sé riachtanach go mbeadh rochtain láithreach ag na daoine aonair agus na grúpaí sin is mó atá i mbaol ag mí-úsáid drugaí agus iad siúd atá bainteach le hobair chun mí-úsáid drugaí a chosc, a chóireáil agus a laghdú ar eolas staitisticiúil iomchuí.

99 Coimisiúnú a dhéanamh ar thuilleadh staidéar torthaí, laistigh de shuíomh na hÉireann chun tionchar reatha chóireáil mheatadóin ar shláinte an duine agus ar iompar mhaslach a dheimhniú. Ba chóir go mbeadh staidéir den chineál seo mar uirlis thábhachtach chun luach fadtéarmach na cóireála seo a chinneadh.

100 Chun taighde a dhéanamh ar éifeachtacht mheicníochtaí nua chun roinnt trealaimh a laghdú m.sh. steallairí nach inathúsáidte, saoráidí soghluaiste malartaithe steallairí etc. chun cur i bhfeidhm roghanna nua laistigh de chohórt ar leith den daonra a úsáideann drugaí a dheimhniú m.sh. i measc mí-úsáideoirí drugaí níos óige, laistigh de phríosún etc.